# MATA ag an Obair!

# #IUseMaths

Nuair a bhí mé ar scoil, ba dheacair dom a fheiceáil conas a chabhródh an mata liom nuair a bheinn níos sine ach ag féachaint siar tá a fhios agam anois go bhfuil sé úsáideach don saol laethúil agus riachtanach do gach post. Bainim úsáid as an mata go laethúil, ó bhillí a íoc sa bhaile go leibhéil uisce a thomhas ag an obair - is iontach an rud é an méid úsáide a bhaineann tú as gan é a thabhairt faoi deara fiú amháin! Lena chois sin, is bealach iontach é mata a fhoghlaim nuair a bhíonn tú óg, chun do chuid scileanna um réiteach fadhbanna a chur chun cinn. Má tá tú go maith chun fadhbanna a réiteach is mór an chabhair é ní hamháin chun déileáil le huimhreacha!

**Dan Gallop,** Printíseach Uisce agus Fuíolluisce, Uisce Thuaisceart Éireann, An Baile Meánach





Cabhraíonn an Mata linn ár mbealach a dhéanamh trí an chuid cásanna sa saol, rud lena n-áirítear gníomhaíochtaí laethúla mar thiomáint, cócaireacht nó fiú am a choinneáil. Cabhraíonn sé liom scileanna anailíseacha agus réiteach fadhbanna a fhorbairt, rud atá ríthábhachtach i dtimpeallacht innealtóireachta. Is cineál cumarsáide é a úsáideann daoine ar an oiread sin bealaí éagsúla gach lá. Gan mata, bheadh lúb éigin ar lár sa saol! Ag déanamh staidéir ar an mata ag A-leibhéal - d'oscail sé raidhse deiseanna agus roghanna gairme dom agus chuir sé ar mo chumas m'aisling a fhíorú agus a bheith i m'Innealtóir Sibhialta.

**Rebecca Pennell**
Innealtóir Suímh,
Farrans Construction, Baingear

Tar éis 6 mhí ar an ollscoil, thuig mé nach domsa a bhí sé in aonchor. Chuaigh mé isteach i mBanc na hÉireann ansin agus ní raibh aon stop liom. Baineann mo phost le tacaíocht a chur ar fáil dár bhfoireann líne tosaigh i ngach rud a bhaineann le calaois agus sciúradh airgid. I mo ról tá an mata i ngach áit – d'fhéadfadh sé baint le féachaint ar ráitis bhainc dhaoine agus a gcuid caiteachais a shuimiú nó féachaint ar fhigiúirí díolacháin. Ba é an Mata an t-ábhar is lú a thaitnigh liom ar scoil, ach thuig mé cé chomh tábhachtach is a bheadh sé i mo ghairm bheatha amach anseo.

**Rebecca Dowey**
Duine Oibriúcháin, An Oifig um Riosca Choireacht Airgeadais agus Rialála, Banc na hÉireann, An Ríocht Aontaithe, An tIúr





Bhain mé taitneamh as an mata i gcónaí mar bhí mé an-mhórálach gach uair a réitigh mé ceist. Le himeacht ama agus trí bheith ag cleachtadh, thosaigh mé ag baint spraoi aisti chomh maith. Cibé an raibh mé ag tacú le bogearraí bainistíochta gnó agus le córais bhaincéireachta nó próisis anailíse laistigh den Líonra Gáis, bhí príomhscileanna matamaitice i gcónaí riachtanach agus rinne siad rudaí níos éasca. Tríd an gcur chuige loighciúil agus teicnící réiteach fadhbanna a fhaigheann tú tríd an mhata a chleachtadh osclaítear deiseanna nua agus tugtar duit níos mó roghanna i do ghairm bheatha amach anseo. Tá Mata thar barr!

**Kasia Musial**
Anailísí Gnó Cúnta,
Firmus Energy,
Aontroim

Is é mo phost cabhrú le táirgiúlacht meaisín a mhéadú agus gnéithe den ionad oibre a fheabhsú. Roimhe seo bhí mé i m'Innealtóir Meicniúil Tionscail, post ina ndéanfainn uirlisí agus páirteanna nua meaisín a chothabháil agus a dheisiú ar dheileanna agus ar mhuilte láimhe agus CNC araon. Éilíonn na róil seo leibhéal scileanna meicniúla matamaitice chun cabhrú le fadhb a réiteach nó chun páirteanna meaisín a dhearadh. Úsáidim mata staitistiúil freisin chun treochtaí a aimsiú agus sonraí a anailísiú. Múineann an mhatamaitic príomhscileanna duit a chabhróidh leat ar an oiread sin bealaí i rith an tsaoil.

**Ellen Donnelly**
Innealtóir Tionscadail,
Greiner Packaging,
Dún Geanainn





Mar dhuine a leanann spórt go paiseanta, bhí mar sprioc agam riamh a bheith in ann Mata a chur le chéile le spórt. Nuair a bhain mé céim amach san airgeadas ón ollscoil, bhí deis fostaíochta ar fáil ag Cumann Peile na hÉireann. Mheas mé gur oir sé sin dom amach 's amach. Idir mhargaí teilifíse agus mhaoiniú rialtais, dhíolacháin ticéad agus thacaíocht ó UEFA agus FIFA, tá réimse leathan comhpháirtithe ann a ligeann don pheil i dTuaisceart Éireann a bheith faoi bhláth. Idir na maoinitheoirí a sholáthraíonn an t-airgead agus na buachaillí agus cailíní a bhíonn ag imirt peile gach deireadh seachtaine tá an fhoireann airgeadais a dhéanann cinnte go n-úsáidtear an t-airgead i gceart, rud a léiríonn cé chomh tábhachtach is atá an Mata i saol na peile.

**Dean Reynolds**
Cuntasóir Cúnta, Cumann Peile na hÉireann

MATA DO CHÁCH
Seachtain Mhata na hÉireann

**15-23 Deireadh Fómhair 2022**
#IUseMaths (#UsaidimMata)

## Cláraigh anois ar mathsweek.ie

Arna chomhordú ag
CALMAST
SETU

Le tacaíocht ó
Science Foundation Ireland – For what's next
Business in the Community – The Responsible Business Network Northern Ireland
An Roinn Oideachais – Department of Education
In association with Smart Futures – www.smartfutures.ie